

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2011



An tÚdarás Árachas Sláinte  
The Health Insurance Authority

### **An tÚdarás Árachas Sláinte**

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

Íosghlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: [info@hia.ie](mailto:info@hia.ie)

Láithreán Gréasáin: [www.hia.ie](http://www.hia.ie)

*Is as muileann páipéir a úsáideann laíon adhmaid ó fhoraois inbhunaithe agus marthanach a tháinig an páipéir a úsáidtear sa tuarascáil seo.*

*Níor úsáideadh aon clóirín sa phróiseas tuartha.*

## Clár Ábhair

<b>1. Ráiteas an Chathaoirligh</b>	<b>2</b>	<b>4. Gnóthaí Corparáideacha</b>	<b>20</b>
<b>2. Ballraíocht agus Bainistíocht an Údaráis</b>	<b>4</b>	4.1 Straitéis	20
<b>3. Feidhmeanna an Údaráis</b>	<b>7</b>	4.2 Rialachas Corparáideach	21
3.1 Rialúchán	9	4.3 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara	22
3.1.1 Struchtúr Rialúcháin an Mhargaidh	9	4.4 Acmhainní	22
3.1.2 Cothromú Fiontar	9	<b>5. Tuarascáil agus Cuntais 2011</b>	<b>23</b>
3.1.3 Clár na nGnóthas Sochair Sláinte	12	<b>6. Aguisíní</b>	<b>39</b>
3.1.4 Clár Teagmhálacha Árachas Sláinte	13	<b>Aguisín A –</b> Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2011	39
3.2 Taighde agus Comhairle	14	<b>Aguisín B –</b> Comhathrú Éilimh de réir aoise	41
3.2.1 Monatóireacht ar an Margadh Árachas Sláinte	14	<b>Aguisín C –</b> Struchtúr Aoise an Mhargaidh	42
3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachas Sláinte	16	<b>Aguisín D –</b> An Clár Sochair Sláinte Gnóthais an 31 Nollaig 2011	43
3.2.3 Árachas Sláinte do chách	16	<b>Aguisín E –</b> Lucht Freastail ar Chruinniú an Údaráis 2011	44
3.2.4 Athbhreithniú ar Reachtaíocht Árachas Sláinte	17		
3.2.5 An Phríomh-Oifig Staidrimh	17		
3.3 Leasanna Tomhaltóirí	18		
3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin Tomhaltóirí	18		
3.3.2 Faisnéis Tomhaltóirí	19		
3.3.3 Láithreán Gréasáin	19		

# 1. Ráiteas an Chathaoirligh

Faoi réir Alt 33(2) den Acht Árachais Sláinte 1994, tá áthas ormsa Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Árachais Sláinte a thabhairt i láthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011.

Leagtar amach Príomhchuspóir an Údaráis sna hAchtanna Árachais Sláinte ina gcuirtear béim ar phobalráitú a chothabháil sa mhargadh árachas sláinte. Chuige seo, tá gá le réimse tacaíochtaí. Tá gá le rialacha láidre, go háirithe, a rialaíonn an rollú oscailte, cothromú fiontar agus sochar íosta i margadh dá leithéid. Le blianta anuas, rinneadh bearta suntasacha chun tacaíochtaí a thabhairt isteach agus a láidriú don phobalráitú. Ní leor struchtúr reachtach an mhargaidh, áfach, chun tacú le fíormhargadh pobalráitithe. Léiríonn forbairtí margaidh an fhírinne seo.

Tháinig méadú ar an deighilt riosca sa mhargadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011. Díolann árachóirí earraí difriúla do ghrúpaí difriúla riosca trí mhargaíocht agus trí fhorbairt earraí. Cuireann sé seo ar chumas árachóirí préimheanna difriúla a ghearradh ar na grúpaí seo. Mar aon leis an deighilt seo, tháinig méadú mór ar phraghsanna, go háirithe ar earraí ina bhfuil líon mór ball níos sine. Mar thoradh ar na straitéisí seo, in ainneoin na príomhchuspóire, íocann daoine níos sine níos mó d'árachas sláinte, ar an meán, ná mar a íocann daoine níos óige. Tugann sé seo le tuiscint go bhfuil gá le bearta suntasacha breise chun tacú le pobalráitú.

Níos faide anonn sa bhliain 2011, mhol an tÚdarás go ndéanfaí athruithe suntasacha ar chreidmheasanna cánach aoischoibhneasa. Faoin gcóras reatha um chothromú fiontar, tacaíonn siad sin le pobalráitú. Maidir leis seo, cuireadh moladh an Údaráis i bhfeidhm in 2012.

Thug an tÚdarás a lán comhairle éagsúla i dtaobh tacaíochtaí san fhadtréimhse don phobalráitú. Chuir an tÚdarás Tuarascálacha i láthair maidir le hathruithe suntasacha ar an gCóras um Choithromú Fiontar agus ar Rialúcháin um Sochar Íosta. In 2011, ar iarratas ón Aire, sheol an tÚdarás athbhreithniú ar an reachtaíocht árachas sláinte. Cuireadh an Tuarascáil faoi bhráid an Aire i mí Dheireadh Fómhair. Chinn an Rialtas ar chóras nua um choithromú fiontar a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2013. Beidh gá le bearta eile freisin, go háirithe maidir le rialacha sochair agus earraí, chun tacú le pobalráitú.

Déantar foráil sa Chlár don Rialtas maidir le córas árachas sláinte do chách a thabhairt isteach faoi 2016. Maidir leis sin, beidh gá le hathruithe móra a dhéanamh ar an tslí a rialaítear an margadh árachas sláinte Éireannach. Léirítear i gcomhairle an Údaráis an gá le tacú leis an gcóras reatha deonach árachas sláinte, agus an gá le creat rialála cuí a bhunú do mhargadh árachas sláinte do chách.

Bíonn tionchar leanúnach ag an gcúlú geilleagrach ar an margadh árachas sláinte. Léiríonn taighde a rinne an tÚdarás ar thomhaltóirí in 2011 gur rud luachmhar é an t-árachas sláinte do thomhaltóirí. Tá ceist inacmhainneacht an árachais ag teacht aníos níos mó, áfach, sa gheilleagar reatha agus de réir mar a mhéadaíonn préimheanna. Tá laghdú tagaithe ar an líon árachaithe don tríú bliain as a chéile (arbh é 2008 an buaicphointe). Le linn 2011, tháinig laghdú 66,000, go 2.16m, ar an líon árachaithe. Tháinig sé sin sna sála ar laghdú 37,000 agus 32,000 in 2009 agus 2010 faoi seach. Is san aoisghrúpa 18-29 a fheictear an laghdú seo is mó. Tá gá le custaiméirí nua, níos óige, a mhealladh i gcónaí chun an margadh deonach árachas sláinte a chobhsú. Bíonn tionchar ag laghdú an mhargaidh ar an ráta aosaithe. Tá boilsciú méadaithe préimheanna dá bharr. Tá an baol ann i gcónaí go méadóidh an ráta laghdaithe mar gheall ar an gcúlú geilleagrach agus boilsciú ar phréimheanna, a chuirfidh go mór leis an mbrú ar an margadh.

Bíonn éileamh i gcónaí ar an bhfeidhm faisnéise do thomhaltóirí. Bhí fáil ag thart ar 400,000 teagmhálaí ar fhaisnéis ó láithreán gréasáin an Údaráis in 2011, ar leabhráin faisnéise do thomhaltóirí agus ar fhaisnéis trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le baill foirne an Údaráis. Chuir an fhaisnéis seo ar chumas tomhaltóirí sochair agus praghsanna a chur i gcomparáid lena chéile maidir leis na pleananna árachas sláinte a sholathraíonn árachóirí. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an tÚdarás faisnéis tríd na meáin agus trí ráitis athnuachana a eisiúnn árachóirí.

Tá áthas orm aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas Bhaill an Údaráis in 2011. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte, an Dr James Reilly T.D, agus lena chuid oifigeach freisin, as ucht a gcuid tacaíochta le linn na bliana.

Faoi dheireadh, is mór ag an Údarás an obair a dhéanann baill an Údaráis i gcónaí agus a gcuid tiomantas le linn 2011.



**J. Joyce**  
*Cathaoirleach*

25 Meitheamh 2012

## 2. Ballraíocht agus Bainistíocht an Údaráis

### Ballraíocht

Is é an tAire Sláinte a cheapann Comhaltaí an Údaráis ar feadh tréimhse cúig bliana. Is iad seo a leanas Comhaltaí an Údaráis:

#### An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)

Tá an tUasal Joyce ina Chathaoirleach ar an Údarás ón 1 Feabhra 2006. Is comhalta den Institute of Actuaries and the Society of Actuaries in Ireland é a bhí mar Uachtarán ar an gCumann sa bhliain 1999/2000. Chaith sé luathbhlianta a ghairme sa Státseirbhís, ar chuir sé deireadh leis mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Poist agus Telegrafa. Ina dhiaidh sin, bhí sé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag Telecom Éireann, ó 1984 go 1992. Chaith sé tamall mar Chomhairleach Achtúireach sa Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus ag Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, ó 1992 go 2005.



#### An Iníon Mary Doyle – Críochnaíodh a téarma an 31 Eanáir 2011

Tá Mary Doyle mar Cheann Maoirseachta Stuaamachta agus Riosca ag an Irish Banking Federation. Is Eacnamaí í a bhfuil taithí leathan aici ar bhaincéireacht agus ar ghnó na hÉireann. Dhírigh sí ar an anailís straitéiseach geilleagrach agus ar fhorbairtí ar rialúcháin baincéireachta. D'oibrigh sí mar Eacnamaí Comhairleach don Bhanc Domhanda agus tá taighde déanta aici ar réimsí oiliúna, turasóireachta agus beartas réigiúnach an AE. Bhí sí mar bhall de líon grúpaí comhairleacha tionscail, lena n-áirítear Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Irish Banking Federation.



### **An tUasal Dónall Curtin**

Is bunaitheoir agus Páirtí Sinsearach de Byrne Curtin Kelly (Cuntasóirí Poiblí Deimhnihe) é Curtin. Tá sé mar bhall d’Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnihe in Éirinn. Tá sé mar Stiúrthóir Boird ag Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Tá an tUasal Curtin mar Stiúrthóir ag Chambers Ireland agus tá sé ina bhall den Institiúid Chairte Eadránaithe a bhfuil taithí leathan aige ar eadráin, ar an idirghabháil agus ar réiteach díospóidí.



### **An Iníon Sheelagh Malin**

Tá Sheelagh Malin ina Stiúrthóir Bainistíochta ar St. James’s Place International plc, ar cuid den ghrúpa bainistíochta rachmais St. James’s Place é sa Ríocht Aontaithe. Tá taithí bainistíochta 20 bliain aici ar an tionscal árachas saoil, lena n-áirítear ról sa mhargaíocht agus san fhorbairt earraí, tuairisciú airgeadais, comhlíonadh agus an fheidhm reachtúil “achtúire ainmnithe”. Is Comhalta í den Society of Actuaries in Ireland agus tá páirt glactha aici i meithleacha oibre achtúireacha faoin tuairisciú airgeadais, forchoimeád costas agus faisnéis tomhaltóirí do ghnóthais árachais saoil trasteorann.



### **An tUasal Paul Turpin**

Is speisialtóir rialachais é an tUasal Turpin leis an bhForas Riaracháin (I.P.A) a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta agus oiliúna. Sular thosaigh sé leis an I.P.A. in 2006, bhí poist shinsearacha aige sa bhainistíocht baincéireachta agus infheistíochta. D’oibrigh sé san earnáil phoiblí roimhe seo, lena n-áirítear mar Chomhairleoir Geilleagrach do Ranna Rialtais, leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, agus leis an gCoimisiún Eorpach.



## Bainistíocht

Is iad seo a leanas lucht bainistíochta an Údaráis:

### **An tUasal Liam Sloyan** *An Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir*

Is ball é an tUasal Sloyan de Soceity of Actuaries in Ireland agus den Institute of Actuaries sa Ríocht Aontaithe. Bhain sé MSc amach sa Mhatamaitic agus i Staitisticí. Sula raibh sé ina bhall den údarás, bhí sé ina chomhairleach sa tionscal árachas saoil, maidir le cúrsaí achtúireacha agus comhlíonta go príomha.



### **An tUasal Eamonn Horgan** *Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha/Rúnaí an Údaráis*

Bhain an tUasal Horgan Máistreacht san Eolaíocht amach, mar aon le cáilíochtaí iarchéime sa ghnó, airgeadas agus sa rialachas corparáideach. Bhí poist bainistíochta oibríochtaí agus táirgeachta aige sa tionscal príobháideach sular tháinig sé chun an údaráis mar Bhainisteoir Cúrsaí Corparáideacha.



### **An tUasal Brendan Lynch** *Ceann Taighde/Seirbhísí Teicniúla*

Is Eacnamaí agus Atur nae Cáilithe é an tUasal Lynch. Bhain sé máistreacht amach san eacnamaíocht, mar aon le Dioplóma sa Dlí Eorpach. D'oibrigh sé mar Chomhairleach Eacnamaíoch, mar Eacnamaí Stocbhróicéara, agus mar Chomhairleoir Eacnamaíoch don Aire Airgeadais.



### **An tUasal Michael O Briain** *Ceann Gnóthaí Rialála*

Is ball é an tUasal O Briain den Soceity of Actuaries in Ireland. Tá taithí tríocha bliain bainistíochta aige sa tionscal árachas saoil. Bhí sé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus mar Achtúire Ceapaithe ag cuideachta mhór de chuid Irish Life sula tháinig sé chun an údaráis mar Cheann Cúrsaí Rialála.



Tá oifigí an Údaráis Árachais Sláinte lonnaithe ag:

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

Íosghlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: info@hia.ie

Láithreán gréasáin: www.hia.ie





# 3. Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás ag ordú an Aire an 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte 1994. Oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta seo agus na nAchtanna Árachais Sláinte (Leasú) (ar a dtugtar “na hAchtanna Árachais Sláinte le chéile”).<sup>1</sup>

Déantar fóráil sna hAchtanna Árachais Sláinte maidir le gnó árachais sláinte príobháideach a rialú mar thoradh ar “An Treoir um Árachais Neamhshaoil” de chuid an Aontais Eorpaigh. Leagtar amach sa Treoir seo ceanglais an mhargaidh inmheánaigh do Bhallstáit i dtaobh árachais neamhshaoil, lena n-áirítear árachais saoil. Ligeann an reachtaíocht Eorpach seo do Bhallstát aonair glacadh leis na ceanglais faoi leith sa tslí is cuí dá gcóras náisiúnta dlíthiúil féin agus cúram sláinte.

Leagtar amach príomhchuspóir an Údaráis sna hAchtanna Árachais Sláinte:

“Is é príomhchuspóir an Aire agus an Údaráis a chinntiú, le linn dóibh a fheidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh faoin Acht seo, ar mhaithe le leas an phobail, go bhfuil rochtain ar chlúdach árachais sláinte ag tomhaltóirí árachais sláinte gan idirdhealú a dhéanamh orthu (a chuirfear in éifeacht cibé acu le cáin ioncaim nó le bearta dleacht stampála nó le bearta eile, nó aon teaghlaim den chéanna), go háirithe maidir le costas seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó i bpáirt ar an aoisraon agus ar stádas sláinte ginearálta glúin faoi leith (nó cuid de) –

- (a) go méadaíonn riachtanais sláinte tomhaltóirí seirbhísí sláinte de réir mar a thagann siad/ atá siad in aois;
- (b) a inmhianaithe a bheith sé a chinntiú, ar mhaithe le dlúthpháirtíocht shochoáíoch ó ghlúin go glúin, agus ar neamhaird leis an réimse aoise nó stádas sláinte glúine faoi leith (nó aon cuid de), go mbeidh ualach na gcostas seirbhísí sláinte ar árachaithe trí fhoráil a dhéanamh le haghaidh fóirdheontas costas idir daoine aosta agus óga, gan dochar do ghinearáltacht na cuspóire sin, go háirithe go mbeidh rochtain ag daoine aosta ar chlúdach árachais sláinte trí chreidmheas cánach; agus
- (c) an modh ina n-oibríonn an margadh árachais sláinte i leith conarthaí árachais sláinte, i ndáil le gnóthais chláráithe aonair agus sa mhargadh iomlán.”

<sup>1</sup> An tOrdú um an Acht Árachais Sláinte, 1994 (An Lá Bunaithe), 2001 (I.R. Uimh. 40 de 2001).

Sainmhínítear an Pobalrátú mar bhearta a thacaíonn leis an bpríomhchuspóir. Leagtar amach san Acht prionsabail eile rialúcháin a bhaineann le hárachas sláinte, rollú oscailte, clúdach saoil agus sochar íosta.

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Údaráis:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachas sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratais uaidh nó uaithi, nó ar a thionscnamh féin) i dtaobh cúrsaí árachas sláinte;
- Monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is cuí, fógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint le comhlíonadh na nAchtanna a fhorghníomhú;
- Feidhmeanna áirithe a chur i gcrích maidir le dleacht stampála ar árachas sláinte agus creidmheasanna cánach aoischoibhneasa, agus maidir le haon scéim um chothromú fiontar a d'fhéadfadh bheith tugtha isteach;
- An beart cuí a dhéanamh chun feasacht an phobail a mhúscailt ar chearta tomhaltóirí árachas sláinte agus ar na seirbhísí árachas sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- “Clár na nGnóthas Sochair Sláinte” agus “an Clár Teagmhálacha Árachas Sláinte” a chothabháil.

Beidh na cumhachtaí riachtanacha á bhfeidhmiú ag an Údarás maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna. D'fhéadfadh an tAire Sláinte (“an tAire”) freagrachtaí breise a thabhairt don Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna.

## 3.1 Rialúchán

### 3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Bunaítear an córas rialála, i dtaobh árachas sláinte príobháideach na hÉireann, ar phríomhphrionsabail pobalráitithe, an rollú oscailte, clúdach saoil agus sochar íosta. Is é an aidhm atá leis a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó do dhaoine a dteastaíonn sé níos mó uathu. Is córas neamhchistithe é. Ciallaíonn sé sin nach ann do chiste a chuirtear le chéile le linn shaol an árahaí a chlúdaíonn na costais ar éilimh is dóigh a bheidh i gceist. Ina ionad, déanann gach árachóir an t-airgead ó árachaithe a chomhthiomsú, agus tugtar costas na n-éileamh in aon bhliain amháin amach ón gcistí.

Sa chomhthéacs seo, ní mór coincheap an phobalráitithe a thuiscint. Ciallaíonn sé seo nach mbíonn éifeacht ag an leibhéal riosca a bhaineann le tomhaltóir faoi leith leis an bpréimh a íoctar. I bhfocail eile, gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine i leith plean faoi leith, is cuma cad is aois dó, cén inscne atá i gceist, nó is cuma faoi shláinte reatha an duine nó amach anseo. Tá sé seo faoi réir eisceachtaí maidir le páistí faoi 18 mbliana, mic léinn faoi 23 a fhaigheann oideachas lánaimseartha, baill scéimeanna grúpa agus pinsinéirí gnóthas ballraíochta teoranta.

Ciallaíonn rollú oscailte agus clúdach saoil nach mór d'árachóirí sláinte glacadh le gach iarrthóir ar árachas sláinte, ach amháin in imthosca teoranta a shonraítear sa reachtaíocht. Tá an ceart ag gach tomhaltóir freisin a gcuid beartas a athnuachan is cuma cad is aois dó nó is cuma faoi shláinte an duine.

Faoi na Rialúcháin um Sochar Íosta, ní mór do gach earra árachais, a sholáthraíonn clúdach i leith cóireáil ospidéal d'othair chónaitheacha, íosleibhéal áirithe sochar a sholáthar. Meastar go bhfuil sé riachtanach íosleibhéal sochar a rialú mar gheall ar nádúr casta agus speisialaithe earraí árachas sláinte príobháideach. Gan rialúchán, d'fhéadfadh go soláthrófaí earraí do thomhaltóirí nach soláthraíonn leibhéal cúí clúdaigh dóibh.

Leagtar amach príomhchuspóir an Aire agus an Údaráis faoin reachtaíocht. Tá an phríomhchuspóir ceangailte go díreach leis an gcoincheap pobalráitithe agus áirítear ann: *“a chinntiú ar mhaithe le leas an phobail, go bhfuil rochtain ar chlúdach árachais sláinte ag tomhaltóirí árachais sláinte gan idirdhealú a dhéanamh orthu (a chuirfead in éifeacht cibé acu le cáin ioncaim nó le bearta dleacht stampála nó le bearta eile, nó aon teaglaím den chéanna), go háirithe maidir le costas seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó i bpáirt ar an aoisraon agus ar stádas sláinte ginearálta glúin faoi leith (nó cuid de)...”*

### 3.1.2 Cothromú Fiontar

Is próiseas é an cothromú fiontar a thugann aghaidh ar na difríochtaí ar chostais éileamh árachóirí a eascraíonn as athruithe ar shláinte na mball. Baineann cothromú fiontar le híocaíochtaí ó agus do árachóirí maidir le próifíl riosca a mballraíochtaí. Is meicníocht choitianta é an cothromú riosca i dtíortha ina bhfuil córais árachas sláinte atá pobalráitithe. Déantar foráil sna hAchtanna Árachais Sláinte maidir le Scéim um Choithromú Fiontar a thabhairt isteach.

In 2003, thug an tAire Sláinte agus Leanaí Scéim um Chothromú Fiontar isteach faoi na hAchtanna Árachais Sláinte. Faoi scéim seo, ní chuirtear tús le híocaíochtaí ach amháin má mholann an tÚdarás é agus má ghlacann an tAire le moladh ón Údarás. Chinn an tAire, ar mholadh an Údaráis, le tús a chur le cothromú fiontar faoi reachtaíocht infheidhme ag an am ón 1 Eanáir 2006. Aisiompaíodh an reachtaíocht ghaolmhar sa chúirt in 2008.

Nuair a cuireadh deireadh leis an Scéim um Chothromú Fiontar 2003 in 2008, d'fhógair an Rialtas ag an am go raibh sé ar intinn acu córas nua um chothromú fiontar a thabhairt isteach a bheadh láidir, trédhearcach agus éifeachtach. D'aithin an Rialtas go dtabharfadh sé tréimhse shuntasach ama orthu an córas sin a fhorbairt. Tugadh isteach córas eatramhach san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

## **Córas Eatramhach um Chothromú Fiontar bunaithe ar Chánachas**

### ***An tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009***

San Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 tugadh isteach córas eatramhach um chothromú fiontar a bunaíodh ar chánachas. Déantar foráil leis an Acht go bhfaigheann Árachóirí Ballraíochta Oscailte préimh níos airde i leith daoine níos sine a áracháitear, ach go bhfaigheann na daoine sin creidmheasanna cánach ar méid comhionann leis an bpréimh bhreise. Ar an tslí sin gearrtar an glanmhéid céanna ar dhaoine fásta i leith clúdach faoi leith. Íocann daoine fásta, leis an leibhéal sin clúdaigh, an glanmhéid céanna ach go bhfaighdeann árachóirí préimh chomhlán níos airde i leith daoine níos sine a áracháitear mar chúiteamh sa leibhéal níos airde éileamh. Sa bhliain beartais 2011, ba é €625 méid na gcreidmheasanna cánach dóibh siúd idir 60 agus 69; €1,275 dóibh siúd idir 70 agus 79 agus €1,725 dóibh siúd a bhí os cionn 80.

D'fhonn an córas a mhaoiniú, íocann árachóirí tobhach pobalráitithe i leith na ndaoine a chlúdaítear. In 2011 ba é €205 méid an tobhaigh do dhaoine fásta, agus €66 do leanaí.

Déanann gnóthais árachais sláinte an tobhach pobalráitithe, agus creidmheasanna cánach (.i. an faoiseamh cánach reatha 20% préimh) a riar. Déantar foráil san Acht 2009 go mbeidh na bearta eatramhacha i bhfeidhm go ceann trí bliana (.i. bíonn feidhm aige maidir le bearta a thosaíonn in 2009, 2010 agus 2011).

### ***An tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011***

In 2010, chinn an tAire ar bhliain amháin a chur le Córas um Chothromú Fiontar bunaithe ar cháin. I dTuarascáil ar Chothromú Fiontar i Nollaig 2010, mhol an tÚdarás go leasófaí an córas ionas go n-íocfaí creidmheasanna cánach ar bhonn cúig bliana, seachas an banda aoise 10 mbliana. Mhol an tÚdarás freisin go gceanglófaí ar árachóirí tuairisceáin a sholáthar ina mbeadh faisnéis mhionsonraithe lena n-áirítear sonraí de réir aoise agus earra árachais. Sholáthair an tÚdarás comhairle don Aire agus don Roinn Sláinte, freisin, faoi reachtaíocht ba ghá chun na leasuithe sin a bhaint amach. Rinneadh leasuithe ar an Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011 agus ar na Rialúcháin um an Acht Árachais Sláinte 1994 (Leasú) 2011.

**Creidmheasanna Cánach Aoischoibhneasa agus Tobhach Pobalráitithe 2012**

Leagtar amach san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 an tslí a gcinntítear creidmheasanna cánach aoischoibhneasa:

- Déanann an tÚdarás measúnú agus anailís ar shonraí éileamh, daonra agus sonraí eile a áirítear sna tuairisceáin ó árachóirí gach 6 mí.
- Uair amháin sa bhliain (an fómhar), tugann an tÚdarás tuarascáil don Aire faoin measúnú agus anailís ar na tuairisceáin, má iarann an tAire air déanamh amhlaidh. Áirítear sa tuarascáil seo moltaí faoi mhéid na gcreidmheasanna cánach aoischoibhneasa agus faoi mhéid an tobhaigh phobalráitithe. Beidh aird ag na moltaí seo ar an bpríomhchuspóir agus ar róchúiteamh a sheachaint; agus
- D'fhéadfadh an tAire, agus aird aige ar Thuarascáil an Údaráis, ar an bpríomhchuspóir agus ar iomaíocht, moltaí a dhéanamh don Aire Airgeadais faoi mhéid na gcreidmheasanna cánach aoischoibhneasa agus faoi mhéid an tobhaigh phobalráitithe. Déanfar dlí de na méideanna má ghlacann an tOireachtas leo.

Le linn 2011, fuair an tÚdarás tuairisceáin faisnéise don dara leath de 2010 agus don chéad leath de 2011 ó gach ceann de na hárachóirí ballraíochta oscailte. I mí na Samhna 2011, cuireadh tuarascáil faoi mheasúnú agus faoi anailís na dtuairisceán seo faoi bhráid an Aire. Áiríodh air sin moladh an Údaráis faoi mhéideanna na gcreidmheasanna cánach aoischoibhneasa agus tobhaigh phobalráitithe. I mí na Nollag 2011, d'fhógair an tAire gur cinneadh ar mhéideanna na gcreidmheasanna cánach aoischoibhneasa do bheartais ag tosú an 1 Eanáir 2010:

Banda Aoise	Creidmheaseanna Cánach 2011	Creidmheasanna Cánach 2012
50-54	Nialas	Nialas
55-59	Nialas	Nialas
60-64	€625	€600
65-69	€625	€975
70-74	€1,275	€1,400
75-79	€1,275	€2,025
80-84	€1,725	€2,400
85+	€1,725	€2,700

Is é €285 an tobhach pobalráitithe do bheartais a thosaíonn in 2012 do dhaoine fásta (€205 in 2011) agus is é €95 (€66 in 2011) an tobhach do leanaí.

### **Measúnú ar róchúiteamh**

Ceanglaítear ar an Údarás chun a mheasúnú an ndéanann na bearta eatramhacha aon árachóir a róchúiteamh.

- Uair sa bhliain, faoin 1 Aibreán, soláthraíonn an tÚdarás cuntais brabúis agus cailteanais don Údarás, mar aon le cláir chomhardaithe má bhaineann siad le gnó a gclúdaítear sna tuairisceáin faisnéise.
- Déanann an tÚdarás a mheas an ndearnadh na bearta eatramhacha aon árachóir a róchúiteamh, a ligeann dóibh níos mó ná brabús réasúnta a thuilleamh. Más é tuairim an Údaráis go ndearnadh árachóir a róchúiteamh, déanfaidh an tÚdarás dréacht-thuarascáil a eisiúint don árachóir. Cuirfidh an tÚdarás san áireamh aon aighneacht a fhaighfear ón árachóir sula ndéanfar cinneadh i dtaobh an róchúitimh; agus
- Má chinneann an tÚdarás gurb ann don róchúiteamh, eisiúint siad tuarascáil don Aire, agus don árachóir lena mbaineann, ina luaitear méid an róchúitimh. Ní mór don árachóir méid an róchúitimh a aisíoc don Státchiste.

Seoladh an dara measúnú in 2011 i leith na tréimhse ama 1 Eanáir 2009 go 31 Nollaig 2010. Chinn an tÚdarás gurbh ionann an brabús réasúnta sa mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn, sa dá bhliain seo, agus 10.4% toradh ar chaipiteal sa bhliain. Ba é Vhi Healthcare an t-aon ghnóthas a bhí ina ghlantairbhí in 2009 nó 2010. Chinn an tÚdarás nach ndearnadh Vhi Healthcare a róchúiteamh sa tréimhse dhá bhliain sin.

### **Scéim um Chothromú Fiontar 2013**

Tá an tÚdarás ag tabhairt comhairle don Roinn Sláinte faoi scéim nua um chothromú fiontar in ionad an chórais reatha ó 2013. Áireofar ar chóras 2013 forálacha a ligfidh d'íocaíochtaí éagsúla cothromaithe fiontar, bunaithe ar an leibhéal clúdaigh agus ar shláinte an duine. Déanfaidh an tÚdarás Árachas Sláinte é a oibriú, trí mhaoiniú a bhaileofar via dleacht stampála ag na Coimisinéirí Ioncaim. I dtéarmaí socruithe airgeadais, is é an phríomhdhifríocht idir córas 2013 agus an córas eatramhach ná is é an tÚdarás Árachais Sláinte a íocfaidh na híocaíochtaí in ionad na gCoimisinéirí Ioncaim. Leagfaidh Acht an Oireachtais an rátaí íocaíochtaí amach gach bliain.

### **3.1.3 Clár na nGnóthas Sochair Sláinte**

Tá an tÚdarás freagrach as ‘Clár na nGnóthas Sochair Sláinte’ a chothabháil. Déantar foráil le halt 14 de na hAchtanna Árachais Sláinte go gcaithfidh aon árachóir sláinte, a bhfuil gnó árachas sláinte aige in Éirinn, clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uathu.

Ceanglaítear orthu iarratas a dhéanamh ar athnuachan ar chláir gach bliain. Ar chláir dóibh, eisiúint teastas don árachóir sláinte a dheimhníonn go bhféadfadh an t-árachóir árachas sláinte príobháideach a sholáthar le téarmaí a chuid rialacha agus faoin reachtaíocht ábhartha.

Is ann do dhá ghnóthas árachas sláinte in Éirinn. Is éard atá i gceist le Gnóthais Ballraíochta oscailte ná árachóirí sláinte nach mór glacadh le gach custaiméir ar mhian leo árachas sláinte a fháil (faoi réir srianta áirithe teoranta mar a shonraítear sa reachtaíocht). Is éard atá i gceist le

Gnóthais Ballraíochta Teoranta ná gairmscéimeanna den chuid is mó, a bhfuil a ballraíocht teoranta d'fhostaithe eagraíochtaí áirithe. Déantar foráil leis an Acht 2009 nach féidir aon ghnóthas ballraíochta teoranta nua a bhunú.

### **Quinn Insurance Limited (Faoi riarachán)**

An 30 Márta 2010, ceadaíodh iarratas Bhanc Ceannais na hÉireann riarthóirí a cheapadh ag Quinn Insurance Limited.

Áirítear Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán), atá ag trádáil mar Quinn Healthcare, ar Chlár na nGnóthas Sochair Sláinte atá ag an Údarás Árachais Sláinte. Tá Quinn Healthcare Limited mar ghníomhaire earraí cúram sláinte do Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán) agus déanann siad beartais a riar. Cé go mbaineann maoirseacht agus rialú airgeadais Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán) le Banc Ceannais na hÉireann, ceanglaítear ar an Údarás monatóireacht ar dhéanamh ar an margadh árachas sláinte, comhairle a thabhairt don Aire Sláinte ina thaobh agus faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí.

I Samhain 2011, fuair Liberty Mutual, smacht ar chuid mhór den ghnó árachais atá ag Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán) ach amháin ar árachas sláinte, atá ag Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán) fós.

An 23 Nollaig 2011, d'fhógair Quinn Healthcare Ltd gur cuireadh cainteanna rathúla i gcrích idir Quinn Group, bainistíocht Quinn Healthcare Ltd agus Elips Insurance Limited (ar le Swiss re iad), maidir le gnó árachas sláinte Quinn a dhíol.

An 1 Bealtaine 2012, cuireadh Elips Insurances Limited le Clár na nGnóthas Sochair Sláinte agus cuireadh deireadh le héifeacht Quinn Insurance Limited (faoi riarachán) ar chonarthaí árachas sláinte.

Beidh árachas ar fáil ag sealbhóirí polasaithe árachas sláinte ó Quinn Insurance Limited (faoi riarachán) an 30 Aibreán 2012 go dtí an chéad dáta athnuachana eile. Tabharfar cuireadh dóibh ansin conarthaí a athnuachan le Elips Insurances Limited.

Athainmníodh Quinn Healthcare Ltd, a dhíolann agus a riarann conarthaí ar son Quinn Insurance Ltd (Faoi Riarachán), mar Laya Healthcare Ltd. Déanfaidh an chuideachta conarthaí a riar agus a dhíol ar son Elips Insurances Ltd in Éirinn amach anseo. Úsáidfidh Elips Insurances Ltd an t-ainm trádála Laya Healthcare in Éirinn.

### **3.1.4 Clár Teagmhálacha Árachas Sláinte**

Tá an tÚdarás freagrach as an “Clár Teagmhálacha Árachas Sláinte” a chothabháil. Luaitear in Alt 7AC de na hAchtanna Árachais Sláinte go mbeidh an clár i gcibé foirm agus beidh cibé sonraí ann maidir le haon chonradh árachas sláinte á thairiscint sa Stát a shonróidh an tÚdarás. Beidh fáil ar ábhair an Chláir lena iniúchadh ar láithreán gréasáin an Údaráis ag: [www.hia.ie/consumer-info/product-register.htm](http://www.hia.ie/consumer-info/product-register.htm) nó ag oifigí an Údaráis.

## 3.2 Taighde agus Comhairle

### 3.2.1 Monatóireacht ar an Margadh Árachas Sláinte

#### Méid an Mhargaidh

Is é an margadh árachas sláinte an margadh is mó árachas neamhshaoil in Éirinn. Tagann árachas gluaisteáin sna sála air. In 2011 ba é €2.0bn an t-ioncam árachais, ar méadú é ó €1.9bn in 2010. Bhain €109m le gnóthais theoranta.

Mar a thaispeántar in *Aguisín A*, le roinnt blianta bhí borradh faoin margadh árachas sláinte go dtí gur shroich sé 2.3m (51.7% daonra) ag deireadh 2008. Le trí bliana anuas, tá laghdú tagtha ar an líon daoine a bhfuil árachas acu. Ag deireadh 2011, bhí árachas ag 2.16m, a léiríonn 47% den daonra.

Léirítear an laghdú ar éilimh daoine fásta ar árachas sláinte go díréireach. Idir deireadh na bliana 2009 agus 2011, tháinig laghdú 100,000 (-10%) ar an líon daoine fásta, idir 18 agus 50 bliain d'aois, a raibh árachas sláinte acu. Tháinig méadú 20,000 (+3%) ar an líon daoine fásta os cionn 50a raibh árachas sláinte acu. De bharr go bhfuil laghdú ag teacht ar an margadh, nach bhfuil ag méadú, tá dlús curtha le haosú an mhargaidh.

Tá sé tábhachtach baill reatha bhrabúsacha a choinneáil mar aon le baill nua níos óige a mhealladh chuige. Ar an tslí sin bainfear cobhsaíocht amach i margadh deonach pobail a bhunaítear ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine. I margadh deonach, tá rogha amháin ann spreagadh le daoine óga árachas sláinte a cheannach trí chóras préimhe dóibh siúd nach gceannaíonn árachas den chéad uair go dtí go bhfuil siad níos sine. Níl gá le córas dá leithéid i margadh árachas sláinte domhanda toisc go mbíonn ar gach duine é a fháil, is cuma cén aois atá siad.

Ó tháinig deireadh le monaplacht Vhi Healthcare i mí Eanáir 1997, chaill siad sciar den mhargadh beagnach gach bliain. Ag deireadh 2011, bhí 57% den mhargadh ag Vhi Healthcare, 21% ag Quinn Healthcare agus 18% ag Aviva Health. Is le gnóthais ballraíochta teoranta atá an chuid eile den mhargadh. Is sna haoischohoirt níos óige a chaill Vhi Healthcare sciar den mhargadh den chuid is mó. Chiollaigh sé sin, ag deireadh 2011, go raibh 83% os cionn 70 ag fáil árachais ó Vhi Healthcare, ar daoine iad a fhaigheann árachas ó árachóir ballraíochta oscailte.

#### **Forbairtí earraí**

Tugadh an córas creidmheasanna cánach aoischoibhneasa tacaíocht shuntasach d'oibriú pobalráitithe. In ainneoin an tionchair a bhí ag creidmheasanna cánach aoischoibhneasa in 2011, bhí na glanchostais ar éilimh níos airde maidir leis na tomhaltóirí níos sine (ar an meán) ná mar a bhíonn i gcás na dtomhaltóirí níos óige. Mar thoradh air sin, rinneadh brabús as tomhaltóirí níos óige agus, ar an meán, ní dhearnadh brabús astu siúd a bhí níos sine. Ní dhearnadh brabús as na tomhaltóirí a bhí os cionn 70 bliain d'aois. Cuireadh dreasachtaí ar fáil d'árachóirí chun straitéisí éagsúla margaíochta agus eile a úsáid le díriú ar chodanna den mhargadh ar féidir brabús a dhéanamh astu.





Is léiriú iad na forbairtí earraí agus tairiscintí speisialta sa tréimhse sin ar na dreasachtaí seo. Rinneadh earraí nua a mhargú do chustaiméirí nua, ar bhain luach níos fearr leo, ná mar a bhain le hearraí inchomparáide. Maidir le forbairtí earraí, díritear ar chustaiméirí níos óige agus níos sláintiúla a mhealladh, ar earraí iad nach mbeadh mórán suime ag custaiméirí míshláintiúla iontu. Cé go gciallaíonn an rollú oscailte gur féidir le haon duine earra a cheannach, glactar le straitéisí margaíochta agus earra a bhfeictear deighilt leathan earra sa mhargadh mar thoradh air. Is fianaise air sin é iompar na n-árachóirí a thug isteach réimse pleananna corparáideacha ag praghsanna iomaíocha a dhíríonn ar dheighleog áirithe den mhargadh.

Áirítear iad seo a leanas ar na príomhfhorbairtí earra in 2011:

- An méadú mór ar phraghsanna (suas go 45% i roinnt cásanna), go háirithe d'earraí ina bhfuil líon mór daoine níos sine.
- An líon mór custaiméirí a fuair pleananna níos saoire cosúil leis an seanphlean a bhí acu, nó a d'athraigh dátaí athnuachana leis an méadú ar phraghsanna a sheachaint.
- Ar an iomlán, tháinig méadú 6% ar an bpréimh a íocadh ar an meán.
- Sochair laghdaithe ortaipéideacha agus oftalmacha in ospidéal phríobháideacha i gcomaoin ar phréimh laghdaithe.
- Chuathas I bhfód níos mó maidir le pleananna corparáideacha nach ndearnadh a mhargú nó a thairiscint do chustaiméirí aonair.
- Tairiscintí speisialta a thugann clúdach lascainithe nó saor in aisce do pháistí.

Tagann fás leanúnach ar fhorbairtí earraí. An 31 Nollaig 2011, ar an beagnach 200 plean árachas sláinte príobhaideach d'othair chónaitheacha.

Mar thoradh ar na straitéisí seo, soláthraítear árachas sláinte faoi láthair do dheighleoga difriúla an mhargaidh, ag praghsanna difriúla, de mhéid a thugann go mbaineann sé bonn ón bpobalráití agus, dá réir sin, ón bPríomhchuspóir a bhaint amach, i dtuairim an Údaráis. Sa chomhthéacs seo, ag deireadh 2011, tháinig méadú suntasach ar leibhéal na gcreidmheasanna cánach aoischoibhneasa. Tá gá leis an scéim um chothromú fiontar a láidriú níos mó. Táthar le scéim láidir um chothromú fiontar a thabhairt isteach ó 2013 ar aghaidh.

Mar thoradh ar na forbairtí seo margaidh, ní haon ionadh go mbíonn éileamh níos mó ag tomhaltóirí ar fheidhm faisnéise tomhaltóirí. Tháinig níos mó ná 400,000 teagmhálaí ar an bhfeidhm faisnéise do thomhaltóirí de chuid an Údaráis in 2011. Fuarthas rochtain uirthi ar a láithreán gréasain, ar leabhráin faisnéise do thomhaltóirí agus trí bheith i dteagmháil dhíreach le baill foirne an Údaráis. Cuireann an fhaisnéis a sholáthraítear ar chumas na dtomhaltóirí sochair agus praghsanna a chur i gcomparáid lena chéile sa réimse iomlán pleananna árachais a sholáthraíonn árachóirí. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an tÚdarás faisnéis trí na meáin chumarsáide agus trí ráitis athnuachana a eisiúnn árachóirí.

### 3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachas Sláinte

Choimisiúnaigh an tÚdarás taighde faoin margadh árachas sláinte ó thaighde margaidh Millward Brown Lansdowne a chuimsigh dhá shuirbhé; ceann amháin ar chustaiméirí agus ceann eile ar fhostóirí. Is é seo an cúigiú ceann sa tsraith tuarascálacha taighde; rinneadh an chéad cheann sa bhliain 2003. Soláthraíonn an tsraith tuarascálacha taighde faisnéis luachmhar faoin margadh árachas sláinte, lena n-áirítear treochtaí ama an mhargaidh.

Áiríodh san obair taighde suirbhé náisiúnta daoine ar 1000 duine fásta, mar aon le suirbhé ar 300 gnó.

Áirítear iad seo a leanas ar phríomhthorthaí an taighde:

- Is rud luachmhar é árachas sláinte príobháideach do thomhaltóirí. Aontaíonn/Easaontaíonn 59% leis an ráiteas gur riachtanas é árachas sláinte príobháideach.
- Ó thuarascáil 2010, tá méadú ó 73% go 85% ar an líon tomhaltóirí a dúirt go ndéanfaidís an clúdach atá acu a chothabháil nó a uasghrádú sa chéad 12 mhí eile. Tá laghdú tagtha, ó 22% go 9%, ar an líon daoine nach bhfuil cinneadh déanta acu.
- Ar na cúiseanna is coitianta le hárachas sláinte príobháideach gan a bheith ag daoine, áirítear praghas an árachais “tá an costas/préimh ró-ard/níl sé d’acmhainn agam”. Baineann sé sin le 50% freagróirí a chuir ar ceal é.
- Tá athrú mór tagtha ar dhearcadh daoine i leith préimheanna. Tháinig méadú ar an líon daoine a cheapann gur préimheanna neamhchuí iad ó 36% go 49%. Léiríonn sé sin an tionchar atá ag arduithe le déanaí i gcomparáid le blianta roimhe seo
- D’athraigh 23% sealbhóirí árachas sláinte príobháideach an t-árachóir a bhí acu uair amháin ar a laghad (15% in 2009 agus 10% in 2007). Rinne 20% daoine, nár athraigh árachóir roimhe seo, machnamh ar é a dhéanamh. Is méadú é seo ó 13% sa Tuarascáil 2010. Is é an phríomhchúis leis sin ná airgead a spáráil.
- Maidir leis na fostóirí, a ghlac páirt sa suirbhé, ar fostóirí iad a oibríonn grúpscéim árachas sláinte príobháideach, bhí sé ar intinn ag formhór mór acu an clúdach beartais céanna a choimeád, mar aon leis an leibhéal céanna fóirdheontais d’fhostaithe. Bhí sé ar intinn ag cuid acu an leibhéal fóirdheontais a ardú d’fhostaithe. Ní raibh sé ar intinn ach ag duine amháin díobh é a laghdú.

### 3.2.3 Árachas Sláinte do chách

Déantar foráil leis an gClár Rialtais maidir le córas Árachais Sláinte do chách (UHI) a thabhairt isteach roimh 2016. Beidh an obair bhunaidh reachtaíochta agus eagraíochtúil maidir leis an gcóras déanta, agus tabharfar cúram príomhúil do chách isteach le linn téarma oifige an Rialtais. Dúirt an tAire go bhfoilseofar Páipéar Bán faoi Mhaoiniú Árachas Sláinte roimh dheireadh na bliana 2012. Beidh athruithe móra ar rialúchán an mhargaidh árachas sláinte in Éirinn le tabhairt isteach an UHI. Léiríonn comhairle beartais an Údaráis don Aire na ceanglais a bhaineann leis an gcóras reatha deonach árachas sláinte, mar aon leis an ngá atá le creat cuí rialála a bhunú don UHI.



Thosaigh an tÚdarás ar thaighde a dhéanamh ar UHI in 2011, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis an aistriú ón córas reatha árachas sláinte chuig an gcóras nua UHI. Tá an tÚdarás ag déanamh taighde ar UHI ar mhaithe lena chuid riachtanas féin, agus chun comhairle a thabhairt don Aire agus dá oifigigh i dtaobh ghnéithe áirithe an UHI. Mar chuid den obair seo, bhuail an tÚdarás le hoifigigh agus le rialaitheoirí Dúisteacha le hoibriú córais sláinte do chách a phlé san Ísiltír.

### 3.2.4 Athbhreithniú ar Reachtaíocht Árachas Sláinte

Mar thoradh ar chruinniú a bhí ag Cathaoirleach an Údaráis leis an Aire Sláinte, scríobh an Roinn Sláinte chuig an Údarás i Meitheamh 2011. D'iarr siad orthu scrúdú a dhéanamh ar an reachtaíocht a rialaíonn feidhmeanna an HIA, comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh laigí a d'fhéadfadh cosc nó bac a chur leis na bearta is gá, i dtuairim an Údaráis, chun an margadh árachas sláinte a rialú go héifeachtach agus chun moltaí cuí a dhéanamh don Aire.

I mí Iúil d'fhreagair an tÚdarás. Thagair siad do chomhairle roimhe sin faoi Chothromú Fiontar, Sochar Íosta agus Rollú Oscailte, agus iad ag moladh go ndéanfaidís athbhreithniú ar reachtaíocht árachas sláinte le measúnú a dhéanamh ar na bearta breise is inmhianaithe. Is bearta iad sin a thacóidh le pobalrátú agus a thabharfaidh cabhair don Údarás i bhfeidhmíocht a chuid feidhmeanna, ar an tslí seo agus eile. Áireofar san athbhreithniú breithniú ar cheisteanna reatha an mhargaidh, lena n-áirítear iomadúlacht na bpleananna árachas sláinte, leasuithe gearrthéarmacha ar phleananna árachas sláinte, srianta ar shochair a úsáideann daoine is sine is mó, agus srianta agus aistriú.

Mar aon le hiniúchadh a dhéanamh ar na hAchtanna Árachais Sláinte, agus breithniú a dhéanamh ar cheisteanna reatha margaidh, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar chumhachtaí rialaitheoirí eile. Measadh an raibh na cumhachtaí incomparáide úsáideach d'obair an Údaráis. Bhuail an tÚdarás le hionadaithe Aviva Health, Quinn Healthcare agus Vhi Healthcare chun moltaí éagsúla a phlé chun rialú an mhargaidh a láidriú.

Thug an tÚdarás an Tuarascáil don Aire i mí Dheireadh Fómhair 2011.

### 3.2.5 An Phríomh-Oifig Staidrimh

Bíonn an tÚdarás i dteagmháil go leanúnach leis an bPríomh-Oifig Staidrimh faoin margadh árachas sláinte. Mar aon leis an soláthar sonraí faoi rún, sholáthair an tÚdarás roinnt comhairle dóibh i leith struchtúr an mhargaidh.

## 3.3 Leasanna Tomhaltóirí

Tá sé mar cheann d'fheidhmeanna an Údaráis, mar a fhoráiltear sna hAchtanna Árachais Sláinte cibé beart a dhéanamh is cuí leis chun feasacht an phobail a mhúscailt ar chearta tomhaltóirí árachas sláinte, agus ar na seirbhísí árachas sláinte atá ar fáil dóibh. Faoi shainchúram an Údaráis, is é an aidhm atá leo feasacht custaiméirí ar chearta a mhéadú agus cabhrú leo earraí árachas sláinte a thuiscint. Déanann an tÚdarás monatóireacht freisin ar sholáthar faisnéise do thomhaltóirí ag árachóirí, mar aon le comhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte.

### 3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin Tomhaltóirí

Cabhraíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí cheisteanna faoi árachas sláinte a fhreagairt agus trí chabhrú leo díospóidí a réiteach le hárachóirí. In 2011, mhéadaigh an méid ceisteanna agus gearáin a fuair an tÚdarás faoi dhó go níos mó ná 5,370 teagmhálaí. Bhí an leibhéal ceisteanna i bhfad níos airde i mí Eanáir ina bhfuarthas níos nó ná 1,800 glao sa mhí. Áirítear iad seo a leanas ar na ceisteanna is mó a chuirtear ar an Údarás:

- Iarratais ar chomparáid idir earraí árachais sláinte;
- Beartais chealaithe árachóirí;
- Cearta i dtaobh árachóirí a athrú;
- Ceisteanna ginearálta maidir le hearraí árachas sláinte agus tréimhsí feithimh;
- An costas atá ar árachas sláinte príobháideach;
- Caighdeáin seirbhíse árachóirí; agus
- Iarratais ar fhoilsiúcháin faisnéise an Údaráis.

Le linn 2011, rinne an tÚdarás idirghabháil rathúil ar son tomhaltóirí i dtaobh ceisteanna a tháinig anuas faoi árachas sláinte. Leagtar amach dhá shampla de chásanna ar thug an tÚdarás aghaidh orthu thíos.

#### **Staidéar Cáis 1**

*Chuaigh tomhaltóir i dteagmháil leis an Údarás chun gearán a dhéanamh. Dúirt sé gur mhaith leis aistriú ó Ghnóthas Teo. chuig Árachóir Oscailte ach go rabhthas ag caitheamh leis mar iontrálaí nua agus go rabhthas ag cur tréimhsí feithimh i bhfeidhm.*

*Bhí an tÚdarás i dteagmháil leis an árachóir maidir leis an bpolasaí i leith tomhaltóirí a aistríonn ó ghnóthais theoranta. D' athraigh an t-árachóir an polasaí a bhí acu maidir leis seo. Déanann an tÁrachóir breithniú anois ar an méid ama a chaitear le gnóthais theoranta nuair a theastaíonn ó thomhaltóir aistriú chuig a bpolasaithe árachais oscailte.*

**Staidéar Cáis 2**

*Bhí tomhaltóir i dteagmháil leis an Údarás agus dúirt sé leo go bhfuair sé an fógra athnuachana, agus an tábla sochar ón árachóir. Níor tugadh le fios, áfach, sa tábla sochar agus sa doiciméadúchán a ghabh leis, go raibh laghdú suntasach ar na sochair faoi rannóg an n-othar cónaitheach. I dtuairim an tomhaltóra ba earráid mhór é sin a d'fhéadfadh tionchar mór bheith aige ar an líon tomhaltóirí a fuair an doiciméadúchán céanna. Tharraing an tÚdarás an cheist anuas leis an árachóir a d' aithin gurbh ann do dhearmad cló ar an tábla sochar seo agus go mbeidís i dteagmháil le gach custaiméar a bhaineann leis chun go n-athróidís pleananna, más gá.*

**3.3.2 Faisnéis Tomhaltóra**

Déantar foráil leis an Acht Árachais Sláinte 1994, arna leasú, go ndéanfaidh an tÚdarás an beart cuí chun feasacht an phobail a mhúscailt ar chearta tomhaltóirí árachas sláinte agus ar na seirbhísí árachas sláinte atá ar fáil dóibh. Soláthraíonn an tÚdarás faisnéis tomhaltóra ar mhodhanna difriúla, lena n-áirítear:

- Ráitis faisnéise do thomhaltóirí ón Údarás i bhfógraí athnuachana a eisíonn árachóirí;
- Áirítear ar láithreán gréasáin an Údaráis, mionfhaisnéis tomhaltóirí lena n-áirítear saoráid le hearraí a chur i gcomparáid lena chéile a chuimsíonn gach earra ar an margadh agus ailt rialta nuachta;
- Fógraí sna nuachtáin náisiúnta agus áitiúla;
- Déantar leabhráin faisnéise do Thomhaltóirí a scaipeadh ó Ionad Eolais do Shaoránaigh agus ó oifigí an Údaráis;
- Foilsíonn an tÚdarás nuachtlitir rialta; agus
- Eisíonn an tÚdarás comparáidí earraí agus faisnéis eile tomhaltóra sa phost, ar é a iarraidh.

**3.3.3 Láithreán Gréasáin**

Soláthraíonn láithreán gréasáin an Údaráis faisnéis do thomhaltóirí de réir feidhmeanna um fhaisnéis tomhaltóirí a leithroinnfear ar an Údarás san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Áirítear ar an láithreán gréasáin saoráid comparáide d'earraí, a ligeann do thomhaltóirí an plean is cuí a roghnú bunaithe ar a gcuid cúrsaí féin, agus comparáid a dhéanamh ar shochair agus ar phraghsanna taobh le taobh. Tugtar rochtain do thomhaltóirí ar shonraí pleananna ar an margadh. Is é an t-aon acmhainn é ar a bhfuil faisnéis ar fáil.

In 2011, thug thart ar 32,000 cuairteoir cuairt ar an láithreán gréasáin gach mí ar an meán. Thug níos mó ná 110,000 daoine cuairt air le linn mhí Eanáir 2011.

I mí na Nollag, tugadh ardmholadh speisialta don Údarás ag na dámhachtainí Irish Design Effectiveness Awards (IDEA) 2011 i gcatagóir deartha láithreán gréasáin.

# 4. Gnóthaí Corparáideacha

## 4.1 Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialaitheoir neamhspleách do mhargadh an árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn. D'fhonn an ról seo a chomhlíonadh, d'fhorbraigh an tÚdarás plan oibre a bhfuil fíis, misean agus luachanna san áireamh ann.

### Fís an Údaráis

Is é fíis an Údaráis oibriú chun tairbhe don mhaitheas poiblí trí thacú le Pobalráití, le Rollú Oscailte agus le Clúdach Saoil i margadh iomaíoch árachas sláinte.

### Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis an fhís seo a fhíoradh tríothu seo a leanas:

- Monatóireacht agus taighde a dhéanamh ar árachas sláinte go ginearálta;
- Comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh árachas sláinte go ginearálta;
- Comhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte a chur i bhfeidhm, nuair is gá;
- Moltaí a dhéanamh faoi chothromú fiontar a chur i bhfeidhm nó eile, agus aon scéim um chothromú fiontar a bhainistiú agus a riar;
- A chuid feidhmeanna a chur i gcrích maidir leis an gcóras creidmheasanna cánach aoischoibhneasa;
- Rialúcháin eile chuí a chur i bhfeidhm mar a fhorordaítear iad;
- Faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí maidir le cearta agus le tuairimí; agus
- Leasanna tomhaltóirí reatha árachas sláinte a chosaint.

### Luachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás le luachanna a chuirfear i bhfeidhm ina chuid gníomhaíochtaí. Is iad seo a leanas luachanna an Údaráis:

- Neamhspleáchas a chothabháil;
- Bheith neamhchlaonta agus macánta i gcónaí;
- Obair a dhéanamh ar shlí phroifisiúnta agus éifeachtach;
- Dúshlán leithleacha a thabhairt trí fháilte a chur roimh smaointe agus moltaí nua gach foinse agus trí chur chuige nuálach bheith againn
- Trédhearcacht oibre a chothabháil; agus
- Luach daoine a thuiscint.

## 4.2 Rialachas Corparáideach

### Cód Cleachtais an Rialachais Chorporáidigh

Bunaítear an Cód Cleachtais maidir le Rialachas an Údaráis Árachas Sláinte ar an “gCód Cleachtas do Rialachas Comhaltaí Stáit” a d’eisigh an Roinn Airgeadais i mí Bealtaine 2009.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Áirítear an tÚdarás san Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon comhaltaí an Údaráis, agus na baill foirne ghaolmhara, a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht seo.

### Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla 2011 agus cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh a dhéanamh orthu. Rinne an oifig sin iniúchadh na cuntais seo, agus ceadaíodh iad, agus leagtar amach i gcuid 5 den Tuarascáil Bhliantúil seo agus Cuntais iad. Comhlíonann an tÚdarás doiciméadú rialachais chorporáidigh a d’eisigh C & AG in 2003, inar leagadh amach treoirlínte agus caighdeáin um chuntais a chur isteach le hiniúchadh a dhéanamh orthu.

### Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás reachtaíocht Teangacha Oifigiúla agus bíonn siad i dteagmháil leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir léi.

### Saoráil Faisnéise

Tá an tÚdarás Árachas Sláinte faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise agus tá éifeacht leis na Rialúcháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) 2006 ón 31 Bealtaine 2006.

Anuas ar iarratais a phróiseáil a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, d’fhoilsigh an tÚdarás dhá leabhrán dar teideal “A Guide to the Functions of and Records Held by the Authority” agus “A Guide to the Rules, Procedures, and Practices of the Authority”. Tugann an dá leabhrán seo treoir d’iarrthóirí faoin bpróiseas um Shaoráil Faisnéise. Cuirtear na treoirlínte de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus déantar iad a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis.

## 4.3 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Le linn 2011, rinne an tÚdarás iarracht caidrimh chuí phroifisiúnta bheith acu le páirtithe leasmhara sa mhargadh árachas sláinte príobháideach. Cuireadh fáilte le moltaí agus le smaointe ó gach foinse. D'fhonn é sin a dhéanamh, bhuail an tÚdarás le páirtithe leasmhara go rialta chun cúrsaí a phlé a bhfuil an tÚdarás freagrach astu, agus chomh fada agus is féidir, trédhearcacht oibre a chothabháil. Áirítear ar pháirtithe leasmhara tomhaltóirí, árachaithe, comhlachtaí proifisiúnta agus rialaitheoirí eile.

### Straitéis Cumarsáide

Tá beartas oscailte, comhairliúcháin agus plé le páirtithe leasmhara i bhfeidhm ag an Údarás. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, le páirtithe leasmhara agus le páirtithe eile maidir le seirbhís rialála a sholáthar i bhfeidhmíocht a chuid feidhmeanna.

## 4.4 Acmhainní

### Foireann

Ceadaíodh 9 comhalta foirne don Údarás in 2001. Mar thoradh ar chastacht bhreise an mhargaidh árachais sláinte, feidhmeanna breise an Údaráis faoin Acht Árachas Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, agus feidhmeanna breise an Údaráis faoin Scéim Cothromaithe Fiontar 2013, chuir an tÚdarás iarratas isteach ar bheirt comhalta eile in 2012. Ceadaíodh an t-iarratas.

### Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis trí thobhach ar Ghóthais Chláraithe de réir Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994.<sup>2</sup> Leagadh an ráta atá le híoc ag 0.14% ioncam préimhe gnóthais chláraithe, atá iníoctha ar bhonn ráithiúil, sna rialúcháin tobhaigh a thug an tAire isteach in 2001. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ghnóthais chláraithe sonraí árachaithe agus ioncam préimhe a chur isteach. Déantar achoimre ar na staitisticí seo in *Aguisín A*. Tá Clár na nGnóthas Sochair Sláinte an 31 Nollaig 2011 in *Aguisín D*.

Leasaigh na Rialúcháin Tobhaigh um an Acht Árachais Sláinte 1994 (Alt 17) (Leasú) 2010 na Rialúcháin Tobhaigh a thug isteach an tAire in 2010, a laghdaigh an tobhach a bhí le híoc don Údarás go 0.12% ioncam préimhe. Tá éifeacht leis an ráta nua ón 1 Eanáir 2011.

<sup>2</sup> Na Rialúcháin Tobhaigh um an Acht Árachais Sláinte 1994 (Alt 17) 2001 (I.R. Uimh. 225 de 2001).



# 5. Tuarascáil agus Cuntais

Tuarascáil agus Cuntais le haghaidh na bliana 1 Eanáir 2011 go dtí 31 Nollaig 2011

## Chuig an Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí Alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, cuireann an tÚdarás Árachais Sláinte a Thuarascáil agus a Chuntais le haghaidh na tréimhse dhá mhí dhéag dar chríoch 31 Nollaig 2011 faoi do bhráid.

## Clár Ábhair

Eolas an Údaráis	24
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	25
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	27
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	29
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	30
Ráitis Airgeadais	32

## Eolas an Údaráis

### Baill an Údaráis

Jim Joyce (Cathaoirleach), ó 2006

Dónall Curtin, ó 2006

Mary Doyle, a chríochnaigh a téarma in Eanáir 2011

Sheelagh Malin, ó Bhealtaine 2010

Paul Turpin, ó Dheireadh Fómhair 2007

### Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Liam Sloyan

### Rúnaí

Eamonn Horgan

### Baincéirí

AIB plc.

40/41 Sráid Westmoreland

Baile Átha Cliath 2

Irish Life & Permanent plc.

56/59 Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

### Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

### Oifigí

Teach na Canálach

Bóthar na Canálach

Baile Átha Cliath 6

## Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte, faoin Acht Árachais Sláinte 1994, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir na bpolasaithe cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Maidir leis an gcreat tuairiscithe a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú, cuireadh an dlí is infheidhme agus an Cleachtas Cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn i bhfeidhm.

### Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a chinntiú go dtugann siad léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí an Údaráis, agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Seoltar an t-iniúchadh faoi theoir tosca speisialta atá ag Comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Cuirtear an t-iniúchadh i bhfeidhm de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasáíochta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

### Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin méid a nochtar sna ráitis airgeadais is leor chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu is calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu atá na polasaithe cuí maidir le cúinsí an Údaráis nó nach bhfuil, agus an gcuirtear i bhfeidhm go leanúnach iad agus an nochtar go cuí iad
- réasúntacht meastachtáin thábhachtacha chuntasáíochta le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, agus
- leagan amach iomlán na ráitis airgeadais.

Féachaim le faisnéis a fháil faoi rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha a aithint i gcomparáid leis na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta orthu. Má thagaim ar an eolas gurb ann d'aon mhíríteas nó neamhréireacht ábhartha dhealraitheach, déanaimh machnamh ar na himpleachtaí maidir leis an tuarascáil.

## Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, go dtugann siad léargas fíorchearn ar staid ghnóthaí an Údaráis an 31 Nollaig 2011, agus ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain dar chríoch 2011.

I mo thuairim, choimeád an tÚdarás na leabhair chuntas i gceart. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntas.

## Cúrsaí a dtuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas

- Mura bhfaighm an fhaisnéis agus na mínithe go leir is gá chun críocha an iniúchta, nó
- Má thugaim aon chás ábhartha faoi deara nach gcuirtear airgead i bhfeidhm chun críocha beartaithe, nó nach mbíonn na hidirbhearta ag cur leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis, don bhliain a ullmhaítear na ráitis airgeadais, ar aon dul leis na ráitis airgeadais nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach go bhfuil an Cód Cleachtas maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit á gcomhlíonadh ag an tÚdarás, nó
- Má thagaim ar chúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an tslí a seoltar gnó an phobail.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin ina ndéantar tuairisciú trí eisceacht.



**Andrew Harkness**

*Le haghaidh agus thar cheann*

*An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste*

21 Meitheamh 2012

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Cathaoirleach agus Baill an Údaráis go bhfuil bord an Údaráis freagrach as an gcóras de rialú inmheánach airgeadais san Údarás Árachais Sláinte.

Admhaíonn an Cathaoirleach agus na Baill nach bhféadfadh a leithéid de chóras de rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, gan a bheith iomlán, a sholáthar go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead go cuí, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá na príomh-nósanna imeachta seo a leanas leagtha amach ag Baill an Údaráis chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar taobh istigh den Údarás:

Mar a ndearnadh foráil dó in Alt 26(5) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá an Príomhfheidhmeannach/Cláráitheoir (“an PF”) freagrach as riarachán agus gnó an Údaráis a chur i gcrích, a bhainistiú agus a rialú go ginearálta agus comhlíonfaidh sé/sí feidhmeanna eile a bheidh cinnte ag an Údarás. Tá sé comhaontaithe ag Baill an Údaráis go bhfuil an PF agus an fhoireann freagrach as cúrsaí oibriúcháin. Tuairiscíonn an PF do na Baill ag a gcruinnithe, rudaí a bhíonn ar siúl go míosúil de ghnáth.

Tá tús curtha le próiseas foirmiúil le haghaidh aithint, measúnú, maolú agus bainistiú riosca gnó agus cuimsíonn sé:

- Aithint agus nádúr rioscaí;
- An dóchúlacht go dtarlódh sé;
- Impleachtaí airgeadais nó eile;
- Fachtóirí maolaithe;
- Bearta chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú; agus
- Monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas.

Tá na baill tar éis glacadh le Cód Cleachtas ar Rialachas an Údaráis Árachais Sláinte agus é bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a nuashonraíodh i rith 2009. Tá na baill tar éis glacadh le rialacha maidir le nós imeachta agus gnó chruinnithe an Údaráis Árachais Sláinte dá gcruinnithe.

Chuir an tÚdarás sraith nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm a leagann amach na treoracha airgeadais, na nótaí nósanna imeachta agus na cleachtais tarmhligin. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta, ráitis airgeadais bhliantúla, buiséadú agus nósanna imeachta airgeadais go ginearálta.

Bhuail an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cúrsaí airgeadais a bhaineann leis an mbliain 2011. Bhí comhairligh páirteach i bpríomhréimsí inar measadh a leithéid de sheirbhísí a bheith cuí, lena áiríodh cuntasóirí agus comhairligh iniúchóireachta inmheánaí.

Tá córas bogearraí ríomhaireachta i bhfeidhm ag an Údarás a chuimsíonn pacáiste cuntasáíochta agus pacáiste párolla chun rialú inmheánach airgeadais an Údaráis a éascú.

D'fhostaigh an tÚdarás gnólacht sheachtrach chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus a mhaoirsiú don Údarás agus chun meicníocht mhíosúil tuairiscithe airgeadais a dhéanamh ar bhainistíocht na gcuntas go ginearálta, lena n-áirítear buiséid, toisc méid na heagraíochta agus líon na foirne atá fostaithe.

Deimhnímid go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais maidir le 2011.

Sínithe ar son Bhail an Údaráis



**Jim Joyce**  
*Cathaoirleach*  
*An tÚdarás Árachais Sláinte*

18 Meitheamh 2012

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Leagann Alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, dualgas ar Bhaill an Údaráis ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid d'fhoirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Aire Sláinte tar éis comhairliúcháin leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór don Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ansin atá réasúnta agus stuama;
- lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochtta sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh de bheith ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, ina nochtar staid airgeadais an Údaráis ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 32(2) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as cosaint shócmhainní an Údaráis agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



**J. Joyce**  
*Cathaoirleach*

18 Meitheamh 2012



**P. Turpin**  
*Ball*

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:

### Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad le caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

### Ioncam Tobhaigh

Is ionann an t-ioncam tobhaigh agus an méid a bhí infhaighte ag an Údarás maidir leis an tréimhse. Cuimsíonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás i gcomhréir leis na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994-2009 agus déantar réasúntacht an fhigiúir seo a sheiceáil i gcomparáid leis an ioncam tobhaigh ionchasach i bhfianaise phróifíl scéimeanna árachas sláinte príobháideach an Údaráis.

### Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, de réir mar a thabhaítear é.

### Sócmhainní Inláimhsithe Seasta

Luaitear sócmhainní inláimhsithe seasta ar a gcostas lúide dímheas carnach. Ríomhtar dímheas, rud a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh i rith a saoil mheasta úsáidigh faoi mhodh na líne dírí, ar ráta bliantúil  $33\frac{1}{3}\%$  le haghaidh trealamh ríomhairí agus 20% le haghaidh na sócmhainní eile go léir ón dáta éadála.

### Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro i rith na bliana agus tá siad san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na tréimhse.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ar ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta an chláir comhardaithe agus tá gnóthachain agus cailleanais atá mar thoradh air sin san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na tréimhse.



## **Aoisliúntas**

I gcomhréir le hAlt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá cead ag an Údarás scéim a dhéanamh le haghaidh deonú sochair aoisliúntais do bhaill foirne an Údaráis, le toiliú an Aire Sláinte agus Airgeadais. Tá scéim dréachtaithe ag an Údarás le haghaidh a fhostaithe agus é bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus táthar ag fanacht le cead an Aire Sláinte agus an Aire Airgeadais. Tá an asbhaintí riachtanacha á ndéanamh ag an Údarás ó thuarastail a choinníonn an tÚdarás, ach ní aithnítear mar ioncam iad. Tá soláthar á dhéanamh ag an Údarás chomh maith le haghaidh ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim. Measann an tÚdarás an scéim a bheith ar aon dul le scéim sochair shainithe óna dhearcadh féin agus tá cuntas déanta aige air dá réir, chun críocha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17.

## **Cúlchiste Ginearálta**

De réir mar a fhorbraítear ról an Údaráis mar rialaitheoir agus comhairleoir an Mhargaidh Árachais Sláinte in Éirinn, méadaítear an seans go mbeadh costais bhreise ann mar gheall ar dhálaí eisceachtúla. Táthar ag súil leis go n-íocfaí as dliteanas ar bith a thiocfadh chun cinn sa chás seo as an gCúlchiste Ginearálta.

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

le haghaidh na bliana dar chríoch 31 Nollaig, 2011

	<i>Nótaí</i>	12 mhí dar chríoch 31 Nollaig, 2011 €	12 mhí dar chríoch 31 Nollaig, 2010 €
Ioncam	1	2,451,115	2,698,861
Costais Riaracháin	2	(1,245,753)	(1,216,190)
<b>Barrachas an ioncaim de bhreis ar an gcaiteachas</b>		<b>1,205,362</b>	<b>1,482,671</b>
Ús Infhaighte		133,173	69,693
<b>Barrachas na tréimhse</b>		<b>1,338,535</b>	<b>1,552,364</b>
Barrachas carnach ag tús na tréimhse		4,298,288	2,795,924
Aistriú go dtí an Cúlchiste Ginearálta	9	(50,000)	(50,000)
<b>Barrachas Carnach ag deireadh na tréimhse</b>		<b>5,586,823</b>	<b>4,298,288</b>

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann, seachas na cinn a ndearnadh déileáil leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



**J. Joyce**  
Cathaoirleach

18 Meitheamh 2012



**P. Turpin**  
Ball

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitís Airgeadais seo.

## Clár Comhardaithe

ar 31 Nollaig 2011

	<i>Nótaí</i>	<b>2011</b> €	<b>2010</b> €
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	5	19,845	36,435
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus Airgead Tirim		7,337,874	5,884,193
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	6	791,857	826,895
		8,129,731	6,711,088
<b>Creidiúnaithe (méideanna atá dlite taobh istigh de bhliain amháin)</b>			
Creidiúnaithe agus fabhrú	7	(1,154,858)	(1,091,340)
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<b>6,974,873</b>	<b>5,619,748</b>
<b>Iomlán na sócmhainní líide dliteanais reatha</b>		<b>6,994,718</b>	<b>5,656,183</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b>6,994,718</b>	<b>5,656,183</b>
<b>Arb ionann é agus</b>			
Barrachas ioncaim carnach de bhreis ar an gcaiteachas	9	5,586,823	4,298,288
Ciste Ginearálta		1,407,895	1,357,895
		<b>6,994,718</b>	<b>5,656,183</b>



**J. Joyce**  
Cathaoirleach

18 Meitheamh 2012



**P. Turpin**  
Ball

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

## Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 1. Ioncam

Déanann Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994, foráil le haghaidh íocaíocht tobhach ioncaim ag gnóthais chláraithe leis an Údarás gach ráithe d'fhonn oibriú an Údaráis a mhaoiniú agus soláthar imleor a dhéanamh do theagmhais. Shocraigh an tAcht Árachais Sláinte 1994 (Alt 17) Rialacháin Tobhaigh, 2001, síos ráta an tobhaigh ioncaim ar 0.14% den mhéid inmheasúnaithe a íoctar le gach gnóthas tráchtála agus srianta in Éirinn. Rinne an tAcht Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17) Rialacháin Tobhaigh (Leasú) 2010 laghdú ó shin ar an ráta go 0.12%.

	2011 €	2010 €
Tobhach Ioncaim	2,451,100	2,698,861
Saoráil Faisnéise	15	–
	<b>2,451,115</b>	<b>2,698,861</b>

### 2. Costais Riaracháin

	2011 €	2010 €
Tuarastail agus costais foirne (Nóta 3)	646,948	644,685
Costais oiliúna	17,811	16,854
Táillí Stiúrthóirí (Nóta 3)	26,602	30,940
Cíos, Muirir Seirbhíse agus Cothabháil	155,353	154,506
Comhairleacht (Nóta 4)	196,290	24,443
Árachas	32,410	38,866
Costais Ríomhairí agus Páipéarachais	25,056	23,574
Costais Riaracháin Eile	30,627	26,373
Eolas Tomhaltóirí	82,307	224,563
Iníúcháireacht	12,220	12,220
Dímheas	20,129	19,166
	<b>1,245,753</b>	<b>1,216,190</b>

Tá oifigí ar cíós ag an Údarás Árachais Sláinte i dTeach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6 ar chostas €129,389 in aghaidh na bliana. Téann an comhaontú cíosa seo i léig ar 12 Bealtaine 2012. Chuaigh an tÚdarás i mbun léasa nua i mBealtaine 2012 le haghaidh na n-oifigí ag Teach na Canála ar chostas €50,000 in aghaidh na bliana.

### 3. Táillí Stiúirthóirí agus Luach Saothair an POF

Ba iad na táillí iníoctha le baill aonair an Bhoird i rith 2011 ná Jim Joyce (Cathaoirleach), €8,978 (2010: €9,017) Dónall Curtin €5,985 (2010: €6,003), chríochnaigh téarma Mary Doyle in Eanáir 2011 €499 (2010: €6,003), Sheelagh Malin €5,985 (2010: €3,913), Paul Turpin €5,155 (2010: €6,003). Níor íocadh costais ar bith le baill an Bhoird.

Ba é tuarastal bliantúil an Phríomhfheidhmeannaigh i rith 2011 ná €103,967 (2010: €103,552). Fuair an POF costais taistil agus cothaithe ar luach €647 (2010: €230) agus €0 (2010: €13) i leith costais eile. Tá teidlíochtaí pinsin an POF i gcomhréir leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe mhúnla na seirbhíse poiblí. Ní bhfuair an POF aon pheorcaisí ná sochair i rith 2011.

### 4. Costais Chomhairliúcháin

	2011 €	2010 €
Seirbhísí Achtúireacha	46,495	34,515
Seirbhísí Dlíthiúla	72,280	134,428
Seirbhísí Dlíthiúla	6,215	15,597
Aisíocaíocht costas dlíthiúil	(24,669)	(350,000)
Caidreamh Poiblí	43,577	44,733
Taighde	28,676	32,709
Aoisliúntas	858	832
Seirbhísí Aistriúcháin	799	1,127
Bainistíocht agus forbairt	–	1,602
Comhairleacht eacnamaíoch	22,059	108,900
	<b>196,290</b>	<b>24,443</b>

Fuair an tÚdarás Árachais Sláinte aisíocaíocht €24,669 i Nollaig 2011 maidir le costais dhlíthiúla a tabhaíodh i mblianta roimhe sin maidir le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt (2010: €350,000). Tharla an aisíocaíocht mar gheall ar pholasáí árachais a bhí ag an Údarás.

## 5. Sócmhainní Inláimhsithe Seasta

	Trealamh Ríomhairí €	Feisteas Oifige, Trosán agus Trealamh €	Forbairt Suíomh Gréasáin €	Iomlán €
<b>Costas</b>				
Ar 31 Nollaig 2010	89,034	333,500	36,374	458,908
Breiseáin i rith na tréimhse	635	–	2,904	3,539
Diúscairt i rith na tréimhse	0	0	0	0
Ar 31 Nollaig 2011	89,669	333,500	39,278	462,447
<b>Dímheas</b>				
Ar 31 Nollaig 2010	79,283	331,776	11,414	422,473
Muirear na tréimhse	7,032	597	12,500	20,129
Dímheas ar dhiúscairt	0	0	0	0
Ar 31 Nollaig 2011	86,315	332,373	23,914	442,602
<b>Glanluach Leabhar</b>				
At 31 Nollaig 2011	3,354	1,127	15,364	19,845
Ar 31 Nollaig 2010	9,751	1,724	24,960	36,435

## 6. Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile

	2011 €	2010 €
Ioncam fabhráithe	646,594	684,517
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile	144,570	141,868
Cártaí Taistil	448	510
Scéim Rothaíochta chun na hOibre	245	–
	<b>791,857</b>	<b>826,895</b>

**7. Creidiúnaithe (méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin)**

	2011 €	2010 €
Creidiúnaithe trádála agus fabhrú	97,854	177,199
Soláthar pinsean ( <b>Nóta 8</b> )	1,015,480	868,848
Tobhach pinsin	2,715	2,542
ÍMAT/ÁSPC	15,181	13,108
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	9,253	11,786
Cánachas Breislúacha	14,375	17,857
	<b>1,154,858</b>	<b>1,091,340</b>

**8. Soláthar Pinsean**

Tá scéim pinsean sochair shainithe ceaptha ag an Údarás dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus táthar ag fanacht le ceadú an Aire Sláinte agus an Aire Airgeadais. Déantar ranníocaíochtaí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostóra, ar ráta 25% ó lúil 2006 (16.66% roimhe seo) de phá inphinsin agus gearrtar iad ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Coinnítear na ranníocaíochtaí carnacha do chuntas an Aire Sláinte, agus tá an tAire sásta an tÚdarás a aisíoc maidir le sochair a d'eascaíonn faoin scéim. Tá na ranníocaíochtaí seo a leanas san áireamh sna ceannteidil “Tuarastail agus Costais Foirne (lena n-áirítear oiliúint)”.

	2011 €	2010 €
Ag tús na tréimhse	868,848	723,507
Ranníocaíochtaí Fostaithe	25,679	25,332
Ranníocaíochtaí Fostaithe	120,953	120,009
<b>Iomlán</b>	<b>1,015,480</b>	<b>868,848</b>

Chomh maith leis sin, baineadh €33,291 ón bhfoireann mar thobhach pinsin agus íocadh é leis an Roinn Sláinte.

**9. Barrachas Carnach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais**

	2011 €	2010 €
Ag tús na tréimhse	4,298,288	2,795,924
Barrachas na tréimhse	1,338,535	1,552,364
	5,636,823	4,348,288
Aistriú go dtí an Cúlchiste Ginearálta	(50,000)	(50,000)
Barrachas coinnithe	5,586,823	4,298,288

**10. Gealltanais Chaipitil**

Ní raibh aon ghealltanais maidir le caiteachas caipitil ar 31 Nollaig 2011.

**11. Nochtadh Leasa**

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir leis an treoirlínte a d'eisigh an Roinn Oideachais maidir le nochtadh leasa ag baill an Údaráis agus tá an tÚdarás tar éis cloí leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh aon idirbhearta i rith na bliana maidir le ghníomhaíochtaí den Bhord a raibh leas ag baill den bhoird iontu.

**12. Ceadú na Ráiteas Airgeadais**

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag Baill an Údaráis ar 18 Meitheamh 2012.



# 6. Aguisíní



## Aguisín A

Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn 2011

Tábla 1: Árachaithe<sup>(3)(4)</sup>

Bliain dar chríoch	Líon Iomlán na nDaoine Arachaithe (000f)	Clúdach Árachas Sláinte Príobháideach % Daonra
An Nollaig 2001	1,871	48.2%
An Nollaig 2002	1,941	49.2%
An Nollaig 2003	1,999	49.8%
An Nollaig 2004	2,054	50.4%
An Nollaig 2005	2,115	50.6%
An Nollaig 2006	2,174	50.9%
An Nollaig 2007	2,245	51.2%
An Nollaig 2008	2,297	51.7%
An Nollaig 2009	2,260	50.6%
An Nollaig 2010	2,228	49.8%
An Nollaig 2011	2,163	47.1%

(3) Baineann na figiúirí go léir leis an margadh árachas sláinte príobháideach iomlán .i. rollú oscailte agus gnóthais theoranta.

(4) Bunaítear na figiúirí daonra ar mheastacháin daonra na Príomh-Oifige Staidrimh.

Tábla 2: Ioncam Prémhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,299.5
2007	1,477.8
2008	1,652.2
2009	1,846.7
2010	1,949.1
2011	2,043.2*

## Scaireanna den Mhargadh

Léiríonn an clár seo a leanas athruithe ar an margadh ó bunaíodh an tÚdarás.

Nollaig	Aviva Health* %	Quinn Healthcare** %	An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh %	Gnóthais Ballraíochta Teoranta*** %
2001	–	12.6%	82.2%	5.2%
2002	–	14.6%	80.5%	4.9%
2003	–	17.4%	77.8%	4.8%
2004	–	19.5%	75.8%	4.7%
2005	1.0%	21.0%	73.9%	4.1%
2006	2.9%	21.4%	71.7%	4.0%
2007	5.4%	21.2%	69.5%	3.9%
2008	7.7%	21.6%	66.8%	3.9%
2009	10.4%	22.8%	62.9%	3.9%
2010	13.7%	20.8%	61.6%	3.9%
2011	17.7%	20.9%	57.3%	4.0%

\* Maidir le 2007 agus blianta níos luaithe, baineann na sonraí le VIVAS Health.

\*\* Maidir le 2006 agus blianta níos luaithe, baineann na sonraí le BUPA Ireland.


\*\*\* Cuimsíonn siad sin Scéimeanna an Gharda Síochána, BSL agus na nOifigeach Príosún.

\* Lena n-áirítear H.S.F.

## Aguisín B

### Comhathrú Éilimh de réir Aoise

#### Éilimh a áirítear i dTuiriscéain Árachaithe in 2011



Is iad na tuairiscéain faisnéise a úsáidtear mar fhoinsé sonraí a chuireann árachaithe faoi bhráid an Údaráis. Níl c.20% éilimh san áireamh sna tuairiscéain.

## Aguisín C

### Struchtúr Aoise an Mhargaidh

Léirítear sa chlár seo a leanas an tslí a bhfuil struchtúr aoise an mhargaidh athraithe ó dheireadh na bliana 2009. Bunaítear na cláir sa rannóg seo ar thuairisceáin faisnéise a fhaightear ó árachóirí ballraíochta oscailte. Tá sonraí na gclár seo difriúil ó shonraí a bhí san áireamh ar chláir roimhe seo ar an tslí nach gcuirtear na daoine seo a leanas san áireamh: daoine atá sa tréimhse tosaigh feithimh, daoine a bhfuil árachas acu ó ghnóthais ballraíochta teoranta, agus daoine a bhfuil árachas acu ó earraí nach bhfuil faoi réir dleacht stampála árachas sláinte agus na creidmheasanna cánach aoischoibhneasa.

Aoisghrúpa	2009	2010	2011
0-17	518	505	495
18-29	310	284	256
30-39	365	351	331
40-49	321	315	308
50-59	272	272	269
60-69	197	204	208
70-79	101	106	110
80+	39	42	44

Léirítear sa chlár seo a leanas an tslí ar athraigh scaireanna den mhargadh de réir aoise ag deireadh na bliana 2011. Tagraíonn an sclár thíos d'árachóirí ballraíochta oscailte amháin agus ní bhaineann sé le ghnóthais ballraíochta teoranta.

Aoisghrúpa	Aviva Health %	Quinn Healthcare %	An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh %
0-49	20%	24%	56%
50-59	19%	20%	60%
60-69	15%	18%	67%
70-79	9%	11%	80%
80+	5%	5%	90%

## Aguisín D

### Clár na nGnóthas Sochair Sláinte an 31 Nollaig 2011

#### Gnóthais Ballraíochta Oscailte

1. Aviva Health Insurance Limited (atá ag trádáil mar Aviva Health);
2. H.S.F Health Plan Limited (atá ag trádáil mar Hospital Saturday Fund);
3. Quinn Insurance Limited Faoi Riarachán (ag trádáil mar Quinn Healthcare); agus
4. an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (atá ag trádáil mar Árachas Sláinte Saorálach).

#### Gnóthais Ballraíochta Teoranta

1. Coiste Coigilitis Míochaine na Foirne, Bord Soláthair an Leictreachais;
2. Ciste Carthanachta na Foirne Allamuigh Irish Life Assurance Plc;
3. Cumann Árachas Sláinte Chuideachta Bheatha na hÉireann;
4. Ciste Carthanachta na Foirne, Comhlacht na hÉireann um Árachas Teo;
5. Prison Officers Medical Aid Society;
6. St. Paul's Garda Medical Aid Society; agus
7. The Goulding Voluntary Medical Scheme.

## Aguisín E

### An lucht freastail ar Chruinnithe Údaráis 2011

Comhalta Údaráis	Na Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu*
An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)	11
An tUasal Donall Curtin	9
An Iníon Mary Doyle**	2
An Iníon Sheelagh Malin	11
An tUasal Paul Turpin	11

\* Reáchtáladh 11 chruinniú Údaráis in 2011.

\*\* Níor mhaith an Iníon Doyle nó ndéanfaí í a athcheapadh san Údarás an 31 Eanáir 2011 i ndiaidh di a téarma a chríochnú.